V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10986 – AXA SPAIN / GACM SPAIN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 126/03)

1. An 27 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AXA Seguros Generales, S.A. de Seguros y Reaseguros ("AXA Seguros Generales", an Spáinn) a bhaineann le AXA S.A. ("AXA Group", an Fhrainc)

— GACM España, S.A.U. ("GACM Spain", an Spáinn)

Gheobhaidh AXA Seguros Generales rialú aonair ar GACM Spain ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá AXA Seguros Generales mar chuid de AXA Spain, grúpa árachais de chuid na Spáinne atá údaraithe chun dul i mbun gnó árachais agus athárachais i sláinte, i saol agus i gcoigilteas, cistí pinsin, árachas uathoibríoch agus árachas pearsanta agus gnó eile. Tá AXA Spain mar chuid de ghrúpa cuideachtaí a bhfuil a máthairchuideachta deiridh an chuideachta liostaithe Francach AXA Group atá gníomhach in árachas agus bainistíocht sócmhainní i 54 tír.

— Is cuideachta shealbhaíochta réadmhaoine agus taismeach é GACM Spain, chomh maith le cuideachtaí árachais saoil agus sláinte sa Spáinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10986 – AXA SPAIN / GACM SPAIN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË